=

Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11838/26**

**ENT 194**
**CHIMIE 99**
**MI 772**
**COMPET 947**
**SAN 586**
**ENV 937**
**IND 482**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá gaolmhar le créasóid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 113496..

Faoi iamh: D(2026) 113496.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D113496/04
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá gaolmhar le créasóid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá gaolmhar le créasóid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hiontráil 31 a leagtar amach sa Tábla d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('iontráil 31'), cuirtear toirmeasc ar chréasóid agus ocht substaint atá gaolmhar le créasóid a chur ar an margadh agus a úsáid, mar shubstaintí nó i meascáin, i gcás ina bhfuil an tsubstaint nó an meascán beartaithe chun adhmad a chóireáil, agus cuirtear toirmeasc freisin ar adhmad atá cóireáilte leis na substaintí sin a chur ar an margadh. Faoi choinníollacha áirithe, déantar foráil in iontráil 31 maidir le maoluithe ar na toirmisc sin.

(2) Aicmítear créasóid (Uimh. CE 232-287-5, Uimh. CAS 8001-58-9) mar charcanaigin de chatagóir 1B i dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus meastar gur carcanaigin neamhthairsí í faoi Threoir 2011/71/AE ón gCoimisiún[3]. Ós rud é go n-aicmítear créasóid mar charcanaigin de chatagóir 1B, cumhdaítear í le Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] freisin. Thairis sin, tá meascán de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (HIAnna) i gcréasóid agus, de

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 199/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch.1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

[3] Treoir 2011/71/AE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2011 lena leasaítear Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun créasóid a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann léi (IO L 195, 27.7.2011, lch. 46, ELI: https://data.europa.eu/eli/dir/2011/71/oj).

[4] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50, ELI: https://data.europa.eu/eli/dir/2004/37/2024-04-08).

réir tuairim[5] ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha a bunaíodh le hAirteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], comhlíonann sí na critéir maidir le bheith marthanach, bithcharnach agus tocsaineach chomh maith le bheith an-mharthanach agus an-bhithcharnach i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006.

(3) Na substaintí atá gaolmhar le créasóid seo a leanas mar a liostaítear in iontráil 31 a leagtar amach sa Tábla d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, aicmítear iad freisin mar charcanaiginí de chatagóir 1B i dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008: ola chréasóide; ola níocháin (Uimh. CE 263-047-8, Uimh. CAS 61789-28-4); ola chréasóide, codán aicéanaiftéine; ola níocháin (Uimh. CE 292-605-3, Uimh. CAS 90640-84-9); driogáití (tarra guail), uachtarach; ola antraicéine throm (Uimh. CE 266-026-1, Uimh. CAS 65996-91--0); ola antraicéine (Uimh. CE 292-602-7, Uimh. CAS 90640-80-5). Thairis sin, aicmítear na substaintí atá gaolmhar le créasóid seo a leanas mar charcanaigin de chatagóir 1B agus mar shó-ghineach de chatagóir 1B i dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008: driogáití (tarra guail), olaí naftailéine; ola naftailéine (Uimh. CE 283-484-8, Uimh. CAS 84650-04-4); aigéid tarra, gual, amh; amhfheanóil (Uimh. CE 266-019-3, Uimh. CAS 65996-85-2); ola tarra ísealteochta, alcaileach; iarmhair eastóscáin (gual), tarra guail alcaileach ísealteochta (Uimh. CE 310-191-5, Uimh. CAS 122384-78-5).

(4) D'fhormheas an Coimisiún créasóid mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (leasaithigh adhmaid) i gcomhréir le Treoir 2011/71/AE. Rinneadh an formheas sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/1950 ón gCoimisiún[7]. Níor formheasadh na hocht substaint eile a liostaítear in iontráil 31 a leagtar amach sa Tábla d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar shubstaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha agus, dá bhrí sin, ní dhéanfar táirgí bithicídeacha ina bhfuil na substaintí sin a chur ar an margadh ná a úsáid san Aontas. Ar an gcaoi chéanna, maidir le hadhmad atá cóireáilte le táirge bithicídeach amháin nó níos mó, nó ina bhfuil táirge bithicídeach amháin nó níos mó d'aon ghnó, ar táirgí bithicídeacha iad ina bhfuil na hocht substaint eile a liostaítear in iontráil 31, ní chuirfear ar an margadh é.

(5) An 25 Feabhra 2019, i gcomhréir leis an gclásal coimirce a leagtar amach in Airteagal 129(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, chuir Poblacht na Fraince ('an Fhrainc') an Coimisiún ar an eolas go raibh beart sealadach glactha aici an 18 Nollaig 2018 chun an comhshaol a chosaint ar na rioscaí d'urrann an chomhshaoil uiscigh agus/nó talún a eascraíonn as adhmad atá cóireáilte le créasóid agus substaintí atá gaolmhar le créasóid ('adhmad créasóidchóireáilte'). Sa nóta faisnéise ón bhFrainc chuig an gCoimisiún, thagair sí dá diúltú údarú a thabhairt d'úsáid táirgí bithicídeacha ina bhfuil créasóid le haghaidh úsáidí cóireála adhmaid seachas cóireáil trasnán iarnróid, rud a mheas an

[5] Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha ar an iarratas maidir le formheas na substainte gníomhaí a athnuachan: créasóid, Cineál táirge 8, ECHA/BPC/274/2020, a glacadh an 4 Nollaig 2020, https://echa.europa.eu/documents/10162/fc41edcf-3732-2ba9-6a14-0fb9b423fd6c.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj).

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2022 lena ndéantar an formheas ar chréasóid mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 17.10.2025, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1950/oj).

Coimisiún go raibh údar maith leis[8]. Chuir an Fhrainc in iúl go raibh roinnt easnamh ag baint leis na rialacha atá ann faoi láthair. Go sonrach, níor chuir iontráil 31 ná Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 cosc ar adhmad créasóidchóireáilte a chur ar mhargadh na Fraince den chéad uair ná a shuiteáil i gcríoch na Fraince. Ina theannta sin, níor chuir na rialacha sin cosc ar adhmad a cóireáladh roimh an 31 Nollaig 2002 a chur ar mhargadh athláimhe na Fraince lena athúsáid. An 5 Márta 2019, chuir an Fhrainc an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') agus na Ballstáit eile ar an eolas faoin mbeart sealadach.

(6) An 7 Meitheamh 2019, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ón gCoimisiún[9], d'údaraigh an Coimisiún an beart sealadach a rinne an Fhrainc go dtí an 7 Meán Fómhair 2021. Cuireadh síneadh leis an údarú go dtí an 7 Bealtaine 2024 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/326 ón gComhairle[10].

(7) I gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, thionscain an Fhrainc, mar 'Aighnitheoir an tSainchomhaid', an nós imeachta srianta trí shainchomhad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta de bhun Airteagal 69(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('sainchomhad Iarscríbhinn XV') an 7 Deireadh Fómhair 2022.

(8) I sainchomhad Iarscríbhinn XV[11], measadh go rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 substaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha a fhormheas, táirgí bithicídeacha a údarú agus earraí cóireáilte a chur ar an margadh den chéad uair. Moladh ann colún 2 d'iontráil 31 den Tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le hathúsáid adhmaid chréasóidchóireáilte a laghdú, bíodh sé chun na críche céanna leis an úsáid bhunaidh ('athúsáid') nó chun críoch eile seachas an úsáid bhunaidh. Léiríodh i sainchomhad Iarscríbhinn XV go raibh gá le gníomhaíocht ar bhonn uile-Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an riosca de bharr astaíochtaí sa chomhshaol agus nochtadh an phobail i gcoitinne d'adhmad créasóidchóireáilte.

(9) Mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid toirmeasc a chur ar adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh, ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus ar é a chur ar an margadh athláimhe, agus toirmeasc a chur freisin ar a úsáid chun críoch eile seachas an úsáid bhunaidh. Mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid freisin athúsáid adhmaid chréasóidchóireáilte a theorannú don úsáideoir

[8] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1297 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2018 maidir le maolú na Fraince ar aitheantas frithpháirteach d'údarú táirgí bithicídeacha ina bhfuil créasóid i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 243, 27.9.2018, lch. 19, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1297/oj).

[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 lena n-údaraítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmad áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara (IO L 154, 12.6.2019, lch. 44, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/961/oj).

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/326 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 lena n-údaraítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmad áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara (IO L 55, 28.2.2022, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/326/oj).

[11] https://echa.europa.eu/documents/10162/8c86e241-dd35-1812-6a4e-52e90ec1d320

bunaidh sa Bhallstát céanna faoi na coinníollacha céanna agus le haghaidh na n-úsáidí céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(10) Bhí sé d'aidhm ag an toirmeasc a mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a mhéadú trí laghdú mór a dhéanamh ar athúsáid adhmaid chréasóidchóireáilte ag daoine nach gairmithe iad agus trí thoirmeasc a chur ar úsáideoirí eile seachas an t-úsáideoir bunaidh adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh athláimhe agus a úsáid agus toirmeasc a chur ar adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh agus a úsáid chun críocha eile seachas an úsáid bhunaidh. Mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid a shonrú nach mór adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh faoi na coinníollacha agus faoi na maoluithe a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, a luaithe a mheastar gur dramhaíl é, nach mór adhmad créasóidchóireáilte a láimhseáil mar dhramhaíl ghuaiseach.

(11) An 14 Meán Fómhair 2023, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Measúnú Riosca (CMR) a thuairim[12] inar thángthas ar an gconclúid gurb é an srian atá beartaithe, arna mhodhnú ag an gCoiste um Measúnú Riosca, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta a eascraíonn as adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh, a athúsáid agus a úsáid chun críoch eile seachas an úsáid bhunaidh.

(12) Tháinig CMR ar an gconclúid go bhfuil na bearta bainistithe riosca agus na coinníollacha oibríochtúla a bhaineann leis na maoluithe iomchuí agus éifeachtach d'úsáideoirí gairmiúla adhmaid créasóidchóireáilte toisc nach dtoirmisctear leis an srian ach aon athúsáid agus úsáid ag an bpobal i gcoitinne. Thacaigh CMR lena cheadú d'úsáideoirí gairmiúla (an t-úsáideoir gairmiúil bunaidh agus úsáideoirí gairmiúla eile araon) adhmad cóireáilte le créasóid a chur ar an margadh agus a athúsáid, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm na coinníollacha céanna agus na bearta bainistithe riosca céanna (mar a shainaithnítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis an gcéad chur ar an margadh agus maidir leis an gcéad úsáid), go ndéantar an athúsáid le haghaidh na húsáide céanna, agus go ndéantar í sa Bhallstát céanna leis an gcéad úsáid. Tháinig CMR ar an gconclúid freisin, chun go mbeadh an forfheidhmiú níos éifeachtaí, gur cheart é a bheith riachtanach doiciméadacht maidir le ceannach, díol agus diúscairt adhmaid chréasóidchóireáilte a choinneáil go dtí deireadh a shaolré.

(13) Tháinig CMR ar an gconclúid nach bhfuil na hairíonna guaiseacha céanna ag 'créasóid, adhmad' (Uimh. CE 232-419-1, Uimh. CAS 8021-39-4), atá ar cheann de na substaintí atá gaolmhar le créasóid a liostaítear i gcolún 1 d'iontráil 31, agus atá ag na substaintí eile ós rud é nár aicmíodh í mar charcanaigin ná nach gcomhlíonann sí na critéir mharthanacha, bhithcharnacha agus thocsaineacha agus/nó na critéir an-mharthanach agus an-bhithcharnach. Níl HIA in 'créasóid, adhmad' agus is dócha nár úsáideadh riamh san Aontas é. Dá bhrí sin, mhol CMR gan 'créasóid, adhmad' a choinneáil i gcolún 1 d'iontráil 31.

(14) D'admhaigh CMR go ndearnadh athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950 ar an bhformheas ar chréasóid mar shubstaint ghníomhach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. D'admhaigh CMR freisin go leagtar amach leis an bhformheas coinníollacha sonracha maidir le hadhmad créasóidchóireáilte, is é sin nach gceadaítear ach trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais le haghaidh leictreachais nó teileachumarsáide atá cóireáilte le créasóid a chur ar an margadh den chéad uair i mBallstáit áirithe. Thug CMR dá aire go gcuimsítear na Ballstáit lena mbaineann ar

[12] https://echa.europa.eu/documents/10162/60f7bfbe-953b-631c-84b3-4a5a78ebbc3d

liosta atá curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht don phobal[13]. Thug CMR dá aire freisin, a luaithe a chuirfear adhmad créasóidchóireáilte ar an margadh den chéad uair sna Ballstáit liostaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhféadfaí é a dháileadh a thuilleadh i mBallstáit neamhliostaithe eile, agus bhí sé den tuairim gur cheart aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

(15) An 1 Nollaig 2023, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) a thuairim[14] inar thángthas ar an gconclúid gurb é an srian beartaithe, arna mhodhnú ag CMR, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus na sochair shocheacnamaíocha agus na costais a bhaineann leis á gcur san áireamh. D'aontaigh an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) le CMR gur cheart a cheadú d'úsáideoirí gairmiúla adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh athláimhe agus a athúsáid, bíodh siad ina n-úsáideoirí gairmiúla bunaidh nó úsáideoirí gairmiúla eile, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm na coinníollacha céanna agus na bearta bainistithe riosca céanna a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis an gcéad chur ar an margadh agus maidir leis an gcéad úsáid, agus go ndéantar an athúsáid le haghaidh na húsáide bunaidh agus go dtarlaíonn sí sa Bhallstát céanna inar úsáideadh den chéad uair í.

(16) Mheas CASE, cé go bhfuil roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil ar fáil le haghaidh trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais, mar gheall ar a n-easnaimh theicniúla in imthosca áirithe agus ar na costais níos airde a bhaineann leo, gurb é an rogha mhalartach is dóchúla ar athúsáid adhmaid chréasóidchóireáilte adhmad nua cóireáilte le créasóid a úsáid sna Ballstáit sin ina gceadaítear adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. A mhéid a bhaineann le feidhmeanna eile adhmaid chréasóidchóireáilte, d'aontaigh CASE le hAighnitheoir an tSainchomhaid go bhfuil roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil, i bhfianaise nár ceadaíodh na feidhmeanna sin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 mar gheall ar infhaighteacht na roghanna malartacha sin.

(17) Tháinig CASE ar an gconclúid go mbeadh buntáistí comhshaoil níos mó i gceist leis an srian, arna mhodhnú ag CMR, ná an srian a mhol Aighnitheoir an tSainchomhaid, ós rud é gurb iad trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais nuachóireáilte le créasóid an rogha malartach is dóchúla ar athúsáid trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais atá cóireáilte le créasóid, agus go mbeadh éifeacht láiste níos mó ag an admhad nuachóireáilte le créasóid ná adhmad créasóidchóireáilte níos sine.

(18) Aon athrú a dhéanfar amach anseo ar choinníollacha formheasa créasóide i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, mhol CASE gur cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le hathúsáid créasóide ag úsáideoirí gairmiúla.

(19) Mhol CASE cur i bhfeidhm an tsriain sin a chur siar 12 mhí, i gcomhréir le sainchomhad Iarscríbhinn XV, ionas go mbeadh a ndóthain ama ag páirtithe leasmhara na ceanglais srianta a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

(20) Chuathas i gcomhairle le Fóram na Gníomhaireachta um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 76(1), pointe (f) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, le linn an phróisis srianta agus cuireadh a moltaí san áireamh.

---

13 https://echa.europa.eu/documents/10162/988147/creosote_PT8_ms_lists_referred_specific_conditions_in_implementing_regulation_en.pdf

14 https://echa.europa.eu/documents/10162/4073ba72-d5b8-ae29-c3c0-b099719ace94

(21) An 31 Eanáir 2024, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí CMR agus CASE faoi bhráid an Choimisiúin.

(22) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV chomh maith le tuairimí CMR agus CASE á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil riosca do-ghlactha ann don chomhshaol agus do shláinte an duine a eascraíonn as astaíochtaí créasóide agus substaintí atá gaolmhar le créasóid ó adhmad créasóidchóireáilte agus gurb é an srian atá beartaithe lena dtoirmisctear athúsáid, úsáid chun críoch eile seachas an úsáid bhunaidh agus cur ar an margadh ina dhiaidh sin adhmaid chréasóidchóireáilte, lena ngabhann maolú maidir le trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais le haghaidh línte leictreachais nó línte teileachumarsáide, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin. Go háirithe, measann an Coimisiún gurb iomchuí an srian atá beartaithe, arna mhodhnú ag CMR agus CASE, toisc go gceadaítear leis do na húsáideoirí bunaidh agus d'úsáideoirí gairmiúla eile araon trasnáin iarnróid agus cuaillí fóntais le haghaidh línte leictreachais nó línte teileachumarsáide atá cóireáilte le créasóid nó le substaintí atá gaolmhar le créasóid a athúsáid. Tá coinne leis gur lú an tionchar a bheidh aige sin ar an gcomhshaol ná cead a thabhairt do na húsáideoirí bunaidh amháin é a athúsáid, mar a mhol aighnitheoir an tsainchomhaid ar dtús. Measann an Coimisiún, áfach, nár cheart athúsáid a bheith ceadaithe sa Bhallstát inar úsáideadh den chéad uair é amháin, ach i mBallstáit eile freisin, arna liostú ag ECHA, ina gceadaítear adhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh mar thrasnáin iarnróid nó mar chuaillí fóntais le haghaidh leictreachais nó teileachumarsáide faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Murach sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit nach bhfuil go leor adhmaid chóireáilte le créasóid nó le substaintí atá gaolmhar le créasóid ar fáil iontu lena úsáid laistigh dá gcríoch adhmad nua a chóireáil le créasóid nó adhmad nuachóireáilte le créasóid a allmhairiú, rud nach mbeadh gá leis dá mbeadh adhmad cóireáilte ar fáil i mBallstáit eile. Cé nach ndéantar, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, adhmad a chuirtear ar an margadh den chéad uair a chóireáil le substaintí atá gaolmhar le créasóid, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé beagnach dodhéanta a chinneadh ar cóireáladh adhmad a bhí in úsáid le créasóid nó le substaintí atá gaolmhar le créasóid ar dtús. Dá bhrí sin, ba cheart athúsáid adhmaid atá cóireáilte le substaintí atá gaolmhar le créasóid a cheadú freisin.

(23) Aontaíonn an Coimisiún le CMR gur cheart forfheidhmiú a éascú le ceanglas chun doiciméadacht a choinneáil maidir le héadálacha, cur ar an margadh ina dhiaidh sin agus diúscairt adhmaid chréasóidchóireáilte. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin ar feadh ré na húsáide agus ar feadh 10 mbliana tar éis diúscartha. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag úsáideoirí a chuireann adhmad créasóidchóireáilte ar an margadh ina dhiaidh sin cathain a bhaineann an t-adhmad sin a dheireadh ré amach, measann an Coimisiún gur cheart do na húsáideoirí sin an doiciméadacht a choinneáil ar feadh 10 mbliana tar éis dóibh an t-adhmad a chur ar an margadh.

(24) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950 bunaíodh na coinníollacha maidir le hadhmad créasóidchóireáilte a chur ar an margadh. Ós rud é nach dtugtar aghaidh leis an Rialachán sin ach ar an gcéad chur ar fáil ar an margadh, ba cheart a chumhdach leis an Rialachán seo freisin adhmad créasóidchóireáilte a chur ar fáil nó a sholáthar ina dhiaidh sin nó agus a úsáid, chun dálaí comhsheasmhacha a áirithiú ar feadh shaolré an adhmaid chréasóidchóireáilte agus chun táirgeadh agus cur ar an margadh adhmaid nuachóireáilte le créasóid a sheachaint a mhéid is féidir agus úsáid leanúnach adhmaid shuiteáilte a cheadú an tráth céanna. Má bhaintear Ballstát den liosta a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950, cuirfear cosc ar adhmad

créasóidchóireáilte a úsáid agus a athúsáid. Mar sin féin, chun na Ballstáit a spreagadh chun díliostú a iarraidh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950, ba cheart a cheadú dóibh leis an Rialachán seo reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena n-údaraítear úsáid agus athúsáid adhmaid chóireáilte a cuireadh ar an margadh cheana féin. Ba cheart an Ghníomhaireacht a chur ar an eolas faoi reachtaíocht den chineál sin.

(25) Maidir le hadhmad créasóidchóireáilte nach n-úsáidtear mar thrasnáin iarnróid nó mar chuaille fóntais le haghaidh leictreachais nó teileachumarsáide agus atá i bhfeidhm cheana féin, ba cheart é a bheith indéanta go bhfanfadh sé in úsáid ag an suíomh céanna agus go leanfaí dá úsáid chun na críche céanna. Níor cheart é a athúsáid, áfach.

(26) Tugann an Coimisiún dá aire gur díríodh leis an togra le haghaidh srian athbhreithnithe, mar a chuir Aighnitheoir an tSainchomhaid isteach agus a ndearna CMR agus CASE measúnú air, ar adhmad cóireáilte a chur ar an margadh agus a athúsáid. Measann an Coimisiún, i bhfianaise raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil forálacha eile d'iontráil 31 fós ábhartha agus riachtanach chun éifeachtacht fhoriomlán an tsriain a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha sin a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun srian cuimsitheach comhleanúnach agus comhsheasmhacht leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1950 a choinneáil ar bun. Go háirithe, agus é á chur san áireamh nach gcuireann Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 cosc ar chréasóid agus substaintí atá gaolmhar le créasóid a liostaítear in iontráil 31 a úsáid chun adhmad nach gcuirtear ar mhargadh an Aontais a chóireáil, is gá na coinníollacha úsáide atá ann cheana a choinneáil ar bun agus iad a ailíniú leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(27) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun bearta iomchuí a dhéanamh chun an srian a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, agus breithnithe CMR agus CASE á gcur san áireamh, ba cheart cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo a chur siar 12 mhí.

(28) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(29) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*